

# Aguisín



## Foirm Iarratais ar Athbhreithniú ar Chigireacht

Ba chóir do mhúinteoir nó do chathaoirleach ar bhord bainistíochta (ag feidhmiú ar son an bhoird) an fhoirm seo a úsáid le hathbhreithniú ar chigireacht a lorg faoi réir *Nós Imeachta Athbhreithnithe do Chigireachtaí ar Scoileanna agus ar Mhúinteoirí de réir Alt 13 (9) den Acht Oideachais (1998)* (Roinn Oideachais agus Eolaíochta, 2006).

### An duine atá ag iarraidh an athbhreithnithe

Ainm agus sloinne:			
Seoladh:			
Seoladh ríomhphoist:	<small>Má thugann tú seoladh ríomhphoist, cuirfead gach comhfhreagras chuig an seoladh sin</small>		
Uimhir fóin:	Baile:	Scoil:	Fón Póca:
Post:	<input type="checkbox"/> Múinteoir a ndearna cigireacht difear dó <input type="checkbox"/> Cathaoirleach (nó ainmní) bord bainistíochta a ndearna cigireacht difear dó		
Dáta an iarratais:			

### Scoil

Ainm na scoile:			
Seoladh na scoile:			
Uimhir rolla na scoile:			

### Cigireacht ar mian leat imní a dhéanamh di

Tabhair sonraí ar an ngníomhaíocht cigireachta nó an tuairisc cigireachta (nó an dá rud) ar foras d'ímní é.

Cineál gníomhaíochta cigireachta <small>Scríos na cinn nach mbaireann</small>	MSU / Cigireacht ábhair / Cigireacht ar mhúinteoir ar promadh / Cuairt theagmhasach cigireachta ar scoil / Eile (tabhair sonraí)
Dáta (nó dátaí) na cigireachta	
Dáta a tharla an imní	
Cineál tuairisce cigireachta <small>Scríos na cinn nach mbaireann</small>	Tuairisc MSU / Tuairisc cigireachta ábhair / Tuairisc cigireachta teagmhasacha (beagthuairisc) / Tuairisc ghinearálta cigireachta (mórthuairisc) / Eile (tabhair sonraí)
Dáta eisiúna na tuairisce	
Ainm an chigire (nó na gcigirí) ar mian leat imní a dhéanamh dá chuid gníomhaíochtaí	



## Foirm Iarratais ar Athbhreithniú ar Chigireacht

### Foras an Iarratais

Tabhair cur síos soiléir ar na cúiseanna ar mian leat imní a dhéanamh díobh san athbhreithniú. (Féach mír 1.5 de Nós Imeachta Athbhreithnithe.) Roghnaigh ceann amháin nó níos mó de na cúiseanna cuí, agus tabhair sonraí ar na fáthanna a gcreideann tú go bhfuil bunús le hathbhreithniú foirmiúil. (Leathnóidh an bosca thíos mar is gá.)

Lorgaím athbhreithniú ar an gcigireacht a luaitear thuas ar na cúiseanna seo a leanas:

- nach ndearna an cigire gach iarracht réasúnta ar a chuid dualgais a chomhlíonadh faoi *Chód Cleachtais Proifisiúnta um Mheastóireacht agus um Thuairisciú* na Cigireachta
- nach ndearna an cigire iarracht réasúnta, agus meastóireacht á déanamh, ar chloí leis na nósanna imeachta foilsithe chun meastóireacht den chineál cuí a eagrú
- nár chloí an tuairisc scríofa a d'eascair as cigireacht leis na prionsabail maidir le tuairisciú a leagtar síos i gCód *Cleachtais Proifisiúnta um Mheastóireacht agus um Thuairisciú* na Cigireachta
- nach ndearna an Chigireacht iarracht réasúnta ar chloí le nósanna imeachta foilsithe maidir le tuairiscí scoile a fhoilsiú
- eile (tabhair sonraí)

*Tabhair faoi deara, má bhaineann d'iarratas den chuid is mó le ceisteanna maidir le hiompraíocht ghinearálta cigire, go mb'fhéidir go mbeadh sé níos feiliúnaí córas do thuairimí agus ghearáin custaiméirí na Roinne a úsáid.*



## Foirm Iarratais ar Athbhreithniú ar Chigireacht

### Aon eolas cuí eile

Is féidir leat cur síos a thabhairt anseo ar an eachtra is cúis le d'iomní faoi obair an chigire (nó na gcigirí) atá bainteach nó aon eolas breise a mheasann tú a bheith bainteach le d'iarratas ar athbhreithniú. (Leathnóidh an bosca thíos mar is gá.)


### Cáipéisí tacaíochta

In éineacht le d'iarratas ar athbhreithniú, ba chóir duit cáipéisí ar bith a sheoladh isteach a mheasann tú a bheith bainteach. Má tá athbhreithniú ar thuirisc cigireachta á lorg agat, ba chóir duit cóip den tuairisc a chur in éineacht leis an iarratas seo. Déan liosta thíos de na cáipéisí ar fad atá in éineacht leis an iarratas seo.


### Síniú

Caithfidh an múinteoir atá ag déanamh an iarratais nó cathaoirleach bord bainistíochta scoile (nó ainmní an bhoird) an t-iarratas seo a shíniú.

Más bord bainistíochta scoil atá ag feidhmiú faoi choimirce coiste gairmoideachais atá ag déanamh an iarratais, caithfidh cathaoirleach an bhoird bhainisteoireachta nó ainmní an bhoird an t-iarratas a chur isteach tar éis dul i gcomhairle le príomhfheidhmeannach an choiste ghairmoideachais.

Síniú	Dáta
<small>(Múinteoir / Cathaoirleach / Ainmní an bhoird bhainisteoireachta)</small>	

Ba chóir an fhoirm seo agus na cáipéisí tacaíochta uile a sheoladh tríd an bpost luais chuig:  
**Príomh-Chigire, Roinn Oideachais agus Eolaíochta,  
 Sráid Maoilbhríde, Baile Átha Cliath 1**